# BORD IASCAIGH RÉIGIÚNACH AN OIRTHIR
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Eastern Regional Fisheries Board
Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir

CLÁR


| | | Uimh. an Leathanaigh |
|---|---|---|
| Tuarascáil an Chathaoirligh | | 4 |
| Réamhrá | | 6 |
| Achoimre Feidhmiúcháin | | 7 |
| Bainistíocht agus Caomhnú Iascaigh | | 8 |
| Bainistíocht agus Rialú Comhshaoil | | 14 |
| Forbairt Táirgí / Infheistíocht Acmhainní | | 19 |
| Margaíocht agus Cur Chun Cinn | | 21 |
| Cláir Feasachta Oideachais agus Iascaigh | | 23 |
| Líonrú / Bainistíocht Abhantraí | | 26 |
| Caomhnú & Rialú Bradán | | 27 |
| Riarachán / Rialachas Corparáideach | | 31 |
| Aguisíní | | 32 |
| Aguisín 1 | Comhaltaí an Bhoird | 32 |
| Aguisín 2 | Rialú Truaillithe agus Caighdeán an Uisce | 33 |
| Aguisín 3 | Forbairt Iascaigh agus Suirbhéanna | 34 |
| Aguisín 4 | Stocáil Éisc | 35 |
| Aguisín 5 | Caomhnú agus Forfheidhmiú Iascaigh | 36 |
| Aguisín 6 | Ceadúnais Iascaireachta agus Iascaigh Bordbhainistithe | 36 |
| Aguisín 7 | Foilseacháin an Bhoird Iascaigh | 37 |
| Aguisín 8 | Acmhainní Daonna | 37 |
| Aguisín 9 | Ráitis Airgeadais Giorraithe | 38 |
| Aguisín 10 | Comhairimh Redd | 43 |
| Aguisín 11 | Obair mhonatóireachta Leictriascaireachta | 48 |
| Aguisín 12 | Gearrtháin Nuachtán | 52 |
| Aguisín 13 | Gluais | 53 |
| Aguisín 14 | Léarscáil de Bhord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir | 55 |

# Tuarascáil an Chathaoirligh –
# Rialachas Corparáideach

Bhí fuílleach €395,863 i ráitis iniúchta airgeadais an Bhoird. I rith 2007 ceannaíodh sócmhainní ar luach €502,675 san iomlán. Baineann thart ar €340k den chaiteachas seo le foirgneamh nua a ceannaíodh in Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. Mar atá le feiceáil sna cuntais b'ionann tionscadail a mhaoinigh an tAE agus €21,165. Dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais seo.

Chloígh an Bord le plean gnó na bliana agus i gcásanna áirithe sháraigh sé na spriocanna a leagadh roimhe. Rinne na comhaltaí foirne oiliúint CBFF (PMDS) i rith na bliana, agus ceanglaíodh an próiseas seo leis an bplean gnó. D'fhreastail an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe d'Fheidhmeannas Bainistíochta Iascaigh Náisiúnta agus ar chruinnithe na Foirne Bainistíochta Oibríochtúla i rith na bliana.

Tá an Bord den tuairim gur baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní an Bhoird agus tá sé seo le feiceáil sna héachtaí éagsúla atá leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil agus sa phlean gnó.

Fuair an Bord sé iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus freagraíodh iad.
Bhain an Bord amach na spriocanna a leagadh síos faoin Tagarmharcáil. Tá éacht déanta ag an mBord i réimsí éagsúla atá aitheanta faoi Dhul Chun Cinn a Chothú. Tá réimsí eile faoi Dhul Chun Cinn a Chothú atá idir lámha agus a bhainfear amach go gairid.

Chomhlíon an Bord riachtanais an Achta um Míchumas 2005 agus baineadh amach sprioc 3%, bunaithe ar shuirbhé ar chomhaltaí foirne an Bhoird. Cuireadh feabhas ar láithreán gréasáin an Bhoird do lucht lagamhairc agus tá rannóg ar leith ann do shlatiascairí faoi mhíchumas nó faoi ghluaiseacht shrianta. Suiteáladh struchtúir éagsúla a thabharfadh rochtain do chathaoireacha rothaí.

## Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir, dearbhaím go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm ag an mBord.

Táim sásta go bhfuil córais an Bhoird réasúnta agus feiliúnach do chás an Bhoird ag tabhairt airde ar mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus oibríochtaí an Bhoird. Ní féidir leis na córais, áfach, dearbhú iomlán a thabhairt nach ndéanfar earráidí ábhartha.

Tá coiste iniúchta ceaptha ag an mBord agus na dualgais seo a leanas orthu;

a) Athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis bhliantúla airgeadais sula gcuirtear chuig an mBord iad
b) Plé mar is cuí le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
c) Plé le haon fhadhb nó le haon ceist ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus aon ní a bheas na hiniúchóirí ag iarraidh a phlé leis an gcoiste (mura mbeadh an bhainistíocht ar fáil)
d) Athbhreithniú a dhéanamh ar litir bhainistíochta na n-iniúchóirí seachtracha agus ar fhreagra na bainistíochta
e) Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus aird ar leith a thabhairt ar chistí an AE
f) Príomhthorthaí na bhfiosrúchán inmheánach agus freagra na bainistíochta a bhreithniú
g) Ábhair chuí eile a bhreithniú, a leagfaidh an Bord síos

Tuairiscíonn Cathaoirleach an choiste iniúchta go foirmiúil agus ó bhéal don Bhord de réir mar is cuí agus cuireann sé/sí moltaí an choiste iniúchta in iúl don Bhord.

Déanann an Bord na cinntí móra straitéiseacha agus casann comhaltaí an Bhoird le chéile go rialta chun feidhmíocht agus pleananna a mhaoirsiú. Ní fheidhmíonn an feidhmeannas bainistíochta ach leis an údarás a thugann an Bord dó chun éifeacht a thabhairt do pholasaithe agus do chinntí an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Bhoird ar fáil dóibh nuair a theastaíonn sin.

Tá lámhleabhar nósanna imeachta sonraithe curtha le chéile anois agus coinníonn an bhainistíocht súil ghéar ar gach idirbheartaíocht mhór. Bíonn réiteach le déanamh ar na foinsí móra ioncaim san iomlán agus, nuair is féidir, roinntear na dualgais foirne go cuí ag cur rioscaí agus an líon teoranta foirne san áireamh. Tá na nósanna imeachta áirithe seo i bhfeidhm chun rialú éifeachtach airgeadais a chinntiú.

I. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun gach earra agus seirbhís a cheannach, chun sonraisc a cheadú d'earraí agus seirbhísí agus chun íocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus seirbhísí. Táthar ag cur leis na nósanna imeachta seo ó am go ham agus cuireadh moltaí ó na hiniúchtaí inmheánacha i bhfeidhm.

II. Ullmhaítear cuntais agus buiséid mhíosúla ar feadh na bliana. Uair sa ráithe, déanann an coiste iniúchta athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta. Feidhmíonn an Bord córas cuntasaíochta ar ríomhaire atá in ann réimse leathan eolas airgeadais agus cuntasaíochta a sholáthar.

III. Ullmhaítear buiséid in aghaidh na bliana agus ráitis ioncaim agus chaiteachais in aghaidh na míosa chun iad a chur i gcomparáid le figiúirí an bhuiséid.

IV. Chomh maith leis na Boird Iascaigh eile, tá córas iniúchta inmheánaigh curtha i bhfeidhm ag an mBord. Mar chuid den chóras seo déanann gnólacht sheachtrach iniúchóirí iniúchadh bliantúil ar ghnóthaí airgeadais an Bhoird. Tá tuarascálacha curtha ar fáil, agus tá freagra tugtha ag an mbainistíocht orthu agus gníomh déanta de réir na moltaí a fuarthas. Bhreithnigh coiste iniúchta an Bhoird, agus an Bord féin de réir mar is cuí, dréacht-tuarascálacha agus tuarascálacha deiridh. Chas iniúchóirí leis an gcoiste iniúchta gan bainistíocht an Bhoird a bheith leo agus i láthair bhainistíocht an Bhoird ag amanna eile. Thuairiscigh Cathaoirleach agus comhaltaí eile an choiste iniúchta chuig an mBord maidir lena bplé agus na torthaí. Bunaithe ar na tuarascálacha seo, táim sásta gur chuir an Bord córas cuí rialaithe airgeadais i bhfeidhm.

Ba mhaith liom a dheimhniú gur athbhreithnigh an Bord éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an tuarascálacha a sholáthair iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an coiste iniúchta.

John Chambers
An Cathaoirleach
Iúil 2008

# RÉAMHRÁ

Údarás reachtúil é Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir a bhfuil an cúram ait áiteanna iascaigh intíre ina dhlínse a chosaint agus a chinntiú go bhfuil siad caomhnaithe, bainistithe agus úsáidte ar bhealach inmharthana.

Téann an réigiún chomh fada ó thuaidh le teorainn an Tuaiscirt agus ó dheas go cósta Loch Garman agus gach abhantrach idir eatarthu seachas iad siúd a théann isteach i Loch Cairlinne, agus amach san fharraige idir na teorainneacha.

## An méid a bhí le rá ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Chuaigh an Bord i gcomhairle lena lucht leasa ar fad ar feadh na bliana agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird agus leis na heagraíochtaí a mbíonn an Bord ag déileáil leo go rialta, go háirithe na clubanna iascaireachta agus na hiascairí tráchtála as a n-iarrachtaí iascaigh an Oirthir a fheabhsú.

Thit an t-uafás báistí sa samhradh rud a bhí an-chrua ar na comhaltaí foirne go minic. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann ar fad as a gcuid oibre agus a dtiomantas i rith na bliana, ag cinntiú seirbhís ar fheabhas don lucht leasa ar fad. Tá iarracht déanta sa tuarascáil seo éachtaí gach comhalta foirne a léiriú agus iad ag cur leis na hiascaigh san Oirthear. Tá sé deacair cur síos a dhéanamh ar na héachtaí ar fad cosúil le sruthanna tábhachtacha a sábháladh ó lintéir, comhráite le forbróirí nó éisc a shábháil ag an bhfoireann de bhrí go raibh siad in ann freagairt ar bhonn 24/7 do thuairiscí ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha.

Léirítear sa tuarascáil seo formhór na hoibre a rinne foireann agus bainistíocht an Bhoird in 2007 chomh maith le heolas tuairisciúil agus staitistiúil maidir le héachtaí 2007.

Pat Doherty
An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Ceapadh an tUasal Pat Doherty mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin i mí na Samhna. Tá cúlra cuntasaíochta aige agus is slatiascaire maith é. Tá an-taithí aige don phost seo agus 14 bliana caite aige mar Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an mBord.

D'éirigh thar barr linn in 2007 mar gur infheistíodh €182,275 san iomlán in 18 n-abhainn mar chuid de na cláir chun na sruthanna a fheabhsú. Forbraíodh 24km d'aibhneacha agus sruthanna, lena n-áirítear obair ar an Maiteog, an tSláinte, an Life, Abhainn Abhóca agus Abhainn Fheartraí. Feabhsaíodh na Lochanna Gáis agus Baile an Mhuilinn le struchtúir bhreise iascaireachta i Muineachán. Baineann sé seo le hinfheistíocht na gClár AE cosúil le CASA do thionscadail trasteorann agus clár Interreg IIIA na hÉireann – na Breataine Bige. Bhí 18 dtionscadal ar bun i rith na bliana chun áiseanna iascaireachta a fheabhsú agus infheistíodh €83,654 san iomlán agus cruthaíodh 41 spás breise iascaireachta.

Bhí cúlú beag i dtionscal na tógála i rith na bliana, ach bhí an Bord páirteach i gcomhráite le forbróirí agus conraitheoirí maidir le bóithre a fhorbairt agus a chothú. Bhí 6 thionscadal bóithre náisiúnta ar siúl agus 3 cinn eile ag céim na pleanála. Thug an Bord comhairle maidir le lintéir nach ndéanfadh dochar d'éisc nuair is cuí agus bhí ról lárnach aige i mbainistíocht agus rialú comhshaoil.

Ba bhliain dhúshlánach í ó thaobh na mbradán. Dúnadh na hiascaigh thráchtála bradán ar fad sa Réigiún seachas ceann áit ar ceadaíodh líon áirithe bradán d'iascaireacht caitheamh aimsire. Tá gá leis na bearta seo chun a chinntiú go mairfidh bradáin sna haibhneacha, de réir na heolaíochta. Níl aon dabht ach go raibh impleachtaí móra eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha ag an dúnadh ar an lucht leasa ar fad agus ba mhaith leis an mBord buíochas a ghlacadh leis na grúpaí leasa ar fad as a n-iarrachtaí cloí leis na bearta caomhnaithe.

Dhírigh an Bord ar an gclár oideachais 'Something Fishy' i rang 5 agus 6 sna bunscoileanna. Bhí 40 scoil páirteacha sa tionscadal ina raibh cur i láthair, cuairt ar scoileanna, gilidíní breac a scaoileadh isteach sna haibhneacha áitiúla agus turais scoile. Tugadh bonneolas ar na hiascaigh do 1200 duine óg. Mar chuid de chlár oideachais na scoileanna náisiúnta, ghlac gach scoil páirt i gcomórtas agus bhuaigh Scoil Sheosaimh i dTír an Iúir, Baile Átha Cliath mar aon le Scoil Sheosaimh san Iarthuaisceart. Bhí tionscadal scoileanna Bhaile Átha Cliath dírithe ar DVD a chur le chéile, cur i láthair Powerpoint agus láithreán gréasáin ina raibh teicneolaíocht cheannródaíoch chun a saineolas ar na hiascaigh agus ar an gcomhshaol a chur in iúl.

Lean an tionscadal athchóirithe ar Abhainn Abhóca ar aghaidh. Seoladh tuarascáil ar an ionad píolótach cóireála i mí na Bealtaine, rud a chruthaigh gur córas gníomhach cóireála an bealach is fearr chun truailliú ó na mianaigh a chóireáil. Chun ionad ceart cóireála a bhunú chosnódh sé €3.5m agus €500,000 eile sa bhliain é a rith.

Ó thaobh na reachtaíochta de, mhéadaigh fodhlí iasc garbh 2006 líon na bhfíneálacha ar an láthair mar gheall ar an bhfodhlí a shárú, go háirithe sa Chabhán agus Muineachán. Maidir le caomhnú doingean, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, An tUasal Eamon Ryan, T. D. fodhlí doingean isteach nach gcaithfear a athnuachan gach bliain.

Tuairiscíodh go raibh séasúr an-mhaith ann do bhric rua, garbhéisc agus gailléisc i rith na bliana. Rugadh ar éisc an-mhór i lochanna an Chabháin agus Mhuineacháin, rugadh ar ghailliasc 22 punt i loch Lios na Seannach. Bhí slatiascaireacht farraige an-mhaith freisin agus rugadh ar go leor gobóg i gCuan Dhún Dealgan agus bhí an iascaireacht thar cionn ar chósta Loch Garman. Bhí an Bord páirteach in 11 fhéile slatiascaireachta. Ceann acu siúd ab ea Féile na mBád Beag i Ros Láir inar taifeadadh 41 speiceas éagsúil éisc.

Den chéad uair riamh, reáchtáladh roinnt cúrsaí flaidireachta do mhná chun iad a mhealladh chuig an iascaireacht. Reáchtáladh iad seo in Iascaigh Áth na mBó & Rathcon i gCill Mhantáin in Iúl, Lúnasa agus Deireadh Fómhair. Ghlac níos mó ná 60 bean páirt sna cúrsaí seo agus bailíodh €2,765 don charthanacht Action Breast Cancer.

BAINISTÍOCHT AGUS CAOMHNÚ IASCAIGH

## Oibreacha feabhsúcháin sna Gnáthóga

I rith 2007 reáchtáladh cláir sruthanna agus feabhsúcháin agus infheistíodh €182,275 san iomlán in 18 n-abhainn. Forbraíodh 24km d'aibhneacha agus sruthanna, lena n-áirítear obair ar an Maiteog, an tSláinte, an Life, Abhainn Abhóca agus Abhainn Fheartraí. Mhaoinigh cistí stampa caomhnaithe agus athshlánaithe formhór na hoibre. Lonnaíodh struchtúir bhreise slatiascaireachta ag na Lochanna Gáis agus Baile an Mhuilinn. Baineann sé seo le hinfheistíocht na gClár AE cosúil le CASA do thionscadail trasteorann agus clár Interreg IIIA na hÉireann – na Breataine Bige a cuireadh i gcrích sa tSláine i mbliana. Rinne údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Chill Dara páirtmhaoiniú ar na hoibreacha ar an Life agus mhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta roinnt den obair ar an tSláine.

## Cás-Staidéar 1

An Life, Baile Átha Cliath

Tá stoic na mbradán sa Life ag laghdú le roinnt blianta anuas. I 1988 rugadh ar an líon is airde 800 bradán le slat, ach laghdaigh an líon seo go 37 bradán in 2005. In 2007, feabhsaíodh 8km i gceantar an Bhaile Mhóir agus cruthaíodh 12 chlais nua sceathraí. Áiríodh san obair seo toir a ghlanadh, an bruach a láidriú agus gnáthóga a fheabhsú. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Chill Dara páirtmhaoiniú ar an obair agus rinne an Bord maoirsiú uirthi.

## Cás-Staidéar 2

Abhantrach na Sláine, Loch Garman

Rinneadh obair feabhsúcháin ar ghnáthóga sa Doiríoch, Clóidí, Urrainn, sruth Chill Damháin agus Carraig Ghobhair. Rinneadh an obair ba mhó ar an Daoirín. Mhaoinigh tionscadal Interreg Slaney Rivers Trust agus an Chomhairle Oidhreachta an obair. Scaipeadh 1,000 tonna clocha sceathraí ar ghrinneall na habhann, forbraíodh 3km agus cruthaíodh 6 áit nua sceathraí. Níos deireanaí sa bhliain, chonacthas sé bhradán ar an láthair nua sceathraí.

## Cás-Staidéar 3

Abhantrach na Bóinne –
An Mhaiteog, Co. na Mí

Lean an clár athshlánaithe a thosaigh in 2006 ar aghaidh. Úsáideadh crainn shíorghlasa agus ceapa in éineacht le clocha chun na bruacha a chosaint. Úsáideadh ceapa ar na cora san abhainn chun an bruach a láidriú. Meastar go gcoinneoidh na crainn agus na ceapa glár le himeacht aimsire agus go bhfásfaidh fialusanna de réir a chéile agus go láidreoidh sé seo an banc agus beidh cuma nádúrtha air. Le himeacht aimsire chomh maith, rachaidh glár sna bearnaí idir na carraigeacha agus beidh Cuma nádúrtha orthu. Deisíodh 1km de bhruacha agus cosnaíodh iad ó chreimeadh amach anseo agus cruthaíodh 4 linn chomh maith. Scaipeadh dhá chéad tonna gairbhéil chun sceathrach a spreagadh agus glanadh agus rácáladh an gairbhéal a bhí ann cheana má bhí sé oiriúnach. Mhaoinigh stampaí caomhnaithe an tionscadal €20,000 seo.

## Cás-Staidéar 4

Dún Dealgan, Co. Lú

I gcomhar le Cumann Iascairí Bradán Chaisleán Dhún Dealgan, cruthaíodh slám scarbhán sceathraí ar Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan chun sceathrach sa cheantar a fheabhsú. Áiríodh san obair seo toir a ghlanadh, an bruach a láidriú agus gnáthóga a fheabhsú. Feabhsaíodh sruthanna freisin ar Abhainn Áth Féan agus ar an Níth agus forbraíodh 3km den Níth chomh maith. Bhí tionscadal maoinithe ag Leader agus cómhaoinithe ag club iascaireachta na Níthe/an Chasáin ar siúl ar an Abhainn Bhán chomh maith.

## Sceathrach Breac agus Bradán

Is cosúil ó na suirbhéanna daonra agus an comhaireamh go bhfuil an sceathrach ag méadú i bhformhór na n-aibhneacha agus tá Cuma níos mó agus níos folláine ar na héisc. Mar gheall ar an mbáisteach i mí na Samhna/mí na Nollag bhí sé an-deacair na héisc a chomhaireamh.

I nDún Dealgan, san iomlán, bhí méadú ar líon na mbradán a chonacthas i bhformhór na n-aibhneacha, seachas in Abhainn Áth Féan agus san Abhainn Bhán. Bhí imirce in aghaidh an tsrutha an-deacair mar gheall ar bhacainní. Bhí sceathrach breac go maith sna sruthanna ar fad sa cheantar.

I nDroichead Átha, níorbh fhéidir na héisc a chomhaireamh go cruinn mar gheall ar an mbáisteach. Bhí sceathrach breac go maith san abhantrach tríd is tríd.
I mBaile Átha Cliath, bhí leibhéal na mbradán a chuaigh isteach sa Life an-díomách. Comhraíodh 343 sceathrach, sin méadú beag ar bhlianta roimhe seo. Le 1000 iasc comhartha ag áiritheoir éisc Dhroichead na hInse, bhí an leibhéal fanta mar a chéile.

Bhí an méadú is mó in 2007 le feiceáil ar an tSláine áit ar comhraíodh 1,801 san iomlán, an líon is mó le ceithre bliana déag. Bhí an toradh seo an-mhaith de bhrí nár comhraíodh ach 335 in 2003.

Tá eolas breise le fáil in Aguisín 10.

## Bainistíocht agus Smacht Comhshaoil

D'fhiosraigh an Bord ceisteanna comhshaoil agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí ar ghnáthóga iascaigh. Cuireadh 978 aighneacht chuig na húdaráis áitiúla maidir le hiarratais phleanála a d'fhéadfadh cur isteach ar na hiascaigh. Baineann na hiarratais seo le tograí éagsúla, idir forbairtí cónaitheacha, talmhaíochta agus tráchtála. Tuairiscíodh ar 16 phlean forbartha de chuid údarás áitiúil sa Réigiún agus cuireadh 29 aighneacht chuig grúpa oibre Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i ndáil le scagadh, scóip agus tuairiscí comhshaoil na bpleananna éagsúla faoi chúram comhlachtaí poiblí.

Rinneadh 688 fiosrúchán i rith 2007, bhain 181 díobh seo le gearáin a fuair an Bord. Mar thoradh ar na fiosrúcháin seo, cuireadh 36 rabhadh amach agus tionscnaíodh 2 ionchúiseamh.

Rinneadh oifigigh comhshaoil an Bhoird 2,995 togra pleanála agus ceadúnais a mheas i gcaitheamh na bliana.

5 bhabhta maraíodh éisc. Tharla an eachtra is mó de seo ar Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan áit ar maraíodh 200 iasc agus milleadh 11km den abhainn. Ceaptar gur eisilteach talmhaíochta as Co. Ard Mhacha ba chúis leis.  Tá Beolíne truaillíochta i bhfeidhm ag an mBord agus seiceáladh é seo go rialta chun aon tuairisc ar thruailliú a fháil agus gníomhú dá réir.

Maraíodh éisc faoi dhó i mBaile Átha Cliath ar an nGrífín i Leamhcán agus sruthán Silleachan ag Léim an Bhradáin. Maraíodh éisc in Abhainn an tSléibhe i nDún Dealgan. Maraíodh 46 bradán agus breac geal ar an Abhóca mar gheall ar aigéad a shil ó na mianaigh in Abhóca.

## Tuairiscí maidir le Sampláil Fána

Déantar suirbhé agus tuairisciú ar shampláil fána gach bliain i nDroichead Átha agus Dún Dealgan. Aimsíonn sampláil fána uisce ar dhroch-chaighdeán agus ansin déanann an fhoireann iarracht cúis agus réiteach don truailliú sna haibhneacha seo a aimsiú. Tá achoimre ar thuairisc Dhroichead Átha tugtha thíos.

Tógadh sampla ó fho-aibhneacha na Bóinne i rith 2007. Léiríonn na torthaí go raibh an scór céanna bainte amach agus a bhí le cúpla bliain anuas agus nach raibh aon athrú suntasach ar chaighdeán an uisce i bhfo-aibhneacha na Bóinne ná san Ainí ná san Ailbhine. Tá bradánaigh folláin den chuid is mó sna haibhneacha agus i ngnáthréimse do chóras den chineál seo (Q luach 3-4).

## Creat-Treoir Uisce

Rinne an Príomh-Bhord Iascaigh le cúnamh ó fhoireann an ERFB suirbhéanna mar chuid de chlár monatóireachta na Creat-Treorach Uisce (WFD). Rinneadh iarracht i suirbhé eile gaolmhar a léiriú nach mbeadh bradánaigh in ann maireachtáil in uisce le luach Q níos ísle. Léirigh an tuarascáil nach bhfuil an oiread salmonid le fáil in uisce le caighdeán uisce níos ísle (Q2-3); is ionann iad agus níos lú ná 20% de na héisc san uisce sin. Is údar imní go bhfuil na torthaí seo ann mar go léiríonn siad mura gcoinnítear fo-aibhneacha sceathraí ar chaighdeán réasúnta uisce, seans maith go gcaillfear na bradanaigh.

Rinne an Príomh-Bhord agus an Bord Réigiúnach suirbhé ar 3 loch chomh maith mar chuid de chlár na Creat-Treorach Uisce. Tá na torthaí le feiceáil ar láithreán gréasáin an Bhoird. www.fishingireland.net

## Forbairt Infreastruchtúir

Tháinig laghdú ar líon na dtionscadal tithíochta i mbliana ach lean forbairt infreastruchtúir ar aghaidh sa Réigiún agus bhí an-bhéim ar fhorbairtí bóithre (féach tábla 1). Ina measc seo bhí mótarbhealach an M3, naisc iarnróid Chill Dara agus Chluain Aodha agus síneadh a chur le Luas i mBaile Átha Cliath.  Bhí 6 thionscadal bóithre náisiúnta ar siúl agus 3 cinn eile ag céim na pleanála, mar a léirítear i dTábla 1.

Tábla 1. Tionscadal bóithre náisiúnta sa réigiún

| I mbun tógála | Ag céim na pleanála |
|---|---|
| M50 a fheabhsú | Seachbhóthar N2 Bhaile Átha Fhirdhia |
| N30 Inis Córthaidh/Cluain an Róistigh | Seachbhóthar N2 Bhaile Shláine |
| Acomhal Chill Pheadair | Seachbhóthar Mhuineacháin – Céim II |
| N9 – Cill Chuillinn go Ceatharlach | |
| Bóthar Faoisimh Chalafort Chill Mhantáin | |
| M3 Cluain Aodh go Ceanannas | |

Sábháladh 4,100 iasc ó aibhneacha agus fo-aibhneacha ar chuir forbairtí ar an mótarbhealach/tionscal isteach orthu i rith na bliana. Sábháladh 90% díobh seo ón Tulcha agus ón mBóinn mar chuid den obair ar mhótarbhealach an M3. Coinníodh súil ar stoc éisc i 26 sruth i mBaile Átha Cliath agus i gCo. na Mí.

## Ceadúnú
Cuireadh aighneachtaí chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus chuig Údaráis Áitiúla i ndáil le ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPPC), ceadúnais faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce). Tá méadú fós ag teacht ar iarratais ar cheadúnas i gceantar Loch Garman. Déileáladh le 130 ceadúnas faoi Alt 4, (40 níos mó ná mar a bhí in 2006), d'fhorbairt tithíochta.

## Foraoiseacht
Rinneadh aighneachtaí i ndáil le tograí a bhain le foraoiseacht, lena n-áirítear iarratais ar Fhoraoisiú, ceadúnais leagan crann agus tionscadail faoin scéim Coillearnach Dhúchasach. Reáchtáladh tionscadal i gcomhar le Coillte chun a fháil amach cén fáth a raibh caighdeán an uisce ag titim ar an taobh uachtair de cheantar na hAbhann Bige atá faoi fhoraois.

## Luach Damáistí Bronnta
Leithdháil an Bord Caomhnú Iascaigh €13,523 mar gheall ar ionchúisimh i dTuaisceart Éireann ar dhaoine a bhí freagrach as éisc a mharú agus a chuir isteach ar stoc éisc i ndlínse an Bhoird i mblianta roimhe seo. Tá an t-airgead seo le caitheamh ar stoc nua bradán a chur in Abhainn Átha Féan agus éisc óg a chur i gcóras uisce an Chontae agus i gcóras Chaisleán Dhún Dealgan.

Cé go bhfuil na staitisticí thuas ar fad an-mhaith, is mar gheall ar aird na foirne ar shonraí in iarratais phleanála, líníochtaí, ráitis mhodhanna agus cuairteanna ar láithreáin a bhfuil an oiread déanta chun comhshaol uisce an Réigiúin a chosaint.

# FORBAIRT TÁIRGE / INFHEISTÍOCHT ACMHAINNE
## Rochtain
Bhí go leor tionscadal ar bun in 2007. Bhí 18 dtionscadal chun áiseanna iascaireachta a fheabhsú ann inar infheistíodh €83,654 agus cruthaíodh 41 spás breise iascaireachta. Cruthaíodh seastáin nua ag Loch Ramhar agus Lios Gára agus forbraíodh linn iascaireachta ar an Maiteog.

## Forbairt slatiascaireachta do dhaoine faoi mhíchumas
Rinneadh carrchlós, slip bád, cé agus seastáin iascaireachta le rochtain do chathaoireacha rothaí ag Loch Gáis i mBaile na Lorgan. Tionscadal trasteorann maoinithe ag CASA a bhí ann. Tháinig maoiniú chomh maith ón Louth Leader agus ó Monaghan Tourism.

## Rochtain ar Iascaireacht Farraige
Cuireadh aighneachtaí chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin maidir le fodhlí beartaithe chun cosc a chur le hiascaireacht ar thrí thrá i nDeisceart Bhaile Átha Cliath (Rinn na Mara, Cuas an Ghainimh agus Cill Iníon Léinín). I ndiaidh go leor aighneachtaí agus neart cur síos a bheith sa nuacht faoin ábhar seo, tuigtear agus an tuarascáil seo á scríobh, go ndéanfar leasú ar an bhfodhlí beartaithe in 2008.

## Stocáil
Stocáladh 440,000 breac rua in uisce an Réigiúin, a bhformhór i mBaile Átha Cliath. Scaoileadh 1,500 breac rua agus 1000 breac dea-dhathach in uisce an Bhoird i Loch Emy agus Loch Breacáin. Tógadh 772 garbhiasc as lochanna i gceantar Dhroichead Átha.

## Suirbhéanna
Rinneadh obair leictriascaireachta ar aibhneacha an Réigiúin. Rinneadh 119 suirbhé bradánach agus infheistíodh €25,298 i rith na bliana. Áirítear anseo suirbhéanna ar aibhneacha an Rí, na Deargail, na Life, na Tulcha, na Sláine, na Bóinne, na Níthe agus ar aibhneacha áirithe i nDún Dealgan agus ar an gCanáil Mhór agus ar an gCanáil Ríoga. Chuidigh an Bord chomh maith le Bord Soláthair an Leictreachais suirbhé a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gealóga bradán i stáisiúin teasa inbhir an BSL agus leis an bPríomh-Bhord Iascaigh suirbhé a dhéanamh ar shampláil scála bradán, inbhir, loimpre, bas agus garbhéisc. Chuidigh sé chomh maith leis an bPríomh-Bhord Iascaigh cláir a bhunú don fhaoiseamh tuile don Tulcha agus don Deargail i mBaile Átha Cliath.

MARGAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN
D’fhreastail comhaltaí an Bhoird ar 9 dtaispeántas cur chun cinn in 2007. Áirítear orthu seo an t-aonach idirnáisiúnta flaidireachta taobh amuigh de Bhostún agus New Jersey; Salon de Peches Sportives, Páras; The Go Fishing Show, NEC, Birmingham agus an British Fly Fair, Trentham, sa Ríocht Aontaithe. Eagraíodh turais eolais idir na teagmhálacha ag na taispeántais seo agus tháinig Marc Petitjean & Jean Sebastien Tingaud (léiritheoir agus iriseoir teilifíse sa Fhrainc) go Loch Garman chun DVD a dhéanamh ar iascaireacht bas agus tugadh cuairt ar Mhuineachán chun alt a scríobh ar iascaireacht gailliasc d’alt in Peche Sportives agus bhreathnaigh Rudy van Duijnhoven as BEET Magazine as an ngailliascaireacht in Éirinn. Rinne Meath Tourism, Monaghan Tourism agus Cavan Tourism urraíocht ar Bhord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir chun freastal ar na taispeántais, turais eolais a mhaoiniú agus cuidiú le bróisiúir shlatiascaireachta. Tháinig go leor cuairteoirí chuig an Réigiún, as an bhFrainc, an Bheilg, an Ollainn, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe. Bhí béim na straitéise náisiúnta margaíochta ar ‘ionaid feabhais’ a seoladh níos luaithe sa bhliain. Chuir Fáilte Ireland bróisiúir nua shlatiascaireachta amach i gcomhar leis an bPríomh-Bhord Iascaigh agus leis na Boird Réigiúnacha. Tá siad le feiceáil ar an láithreán gréasáin: www.discoverireland.com/gb/ireland-plan-your-visit/downloadablebrochures/

Bhí an-rath orainn sna meáin agus bhí 91 mír san iomlán againn sa nuacht. Áirítear anseo eagarfhocail sna nuachtáin náisiúnta, irisleabhair, raidió agus teilifís. Ar an teilifís bhí mír ar RTE ar an gclár ‘Pobal’ faoi gharbhiascaireacht mhídhleathach. Rinne an clár ‘Nationwide’ cur síos ar na cúrsaí flaidireachta do mhná agus rinne Nuacht RTÉ cur síos ar fhoilsiú na tuarascála faoi Abhóca.

Thacaigh an Bord le 11 fhéile slatiascaireachta, lena n-áirítear an comórtas Media flyfishing, Comhdháil agus Lá Bithéagsúlachta Fhine Gall, comórtas iascaireacht farraige an European Federation of Shore Anglers, comórtas garbhiascaireachta Monaghan Pairs agus comórtas gailléisc trasteorann síochána na n-óg. I measc na n-imeachtaí eile i rith na bliana bhí Féile na mBád Beag i Ros Láir, comórtas flaidireachta na mban, comórtas bliantúil an ionaid ghairmoideachais do dhaoine óga, comórtas agus ceardlanna bliantúla breac do dhaoine óga de chuid Thionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath. Tugadh cúnamh do Pháirc Chorcaí comórtas slatiascaireachta a reáchtáil do dhaoine faoi mhíchumas.

## Cás-Staidéar

Cúrsaí Flaidireachta na mBan
Chun níos mó ban a spreagadh le páirt a ghlacadh sa tslatiascaireacht, reáchtáladh roinnt cúrsaí flaidireachta in Iascaigh Áth na mBó & Rathcon i gCill Mhantáin i mí Iúil, Lúnasa agus Deireadh Fómhair. D’fheil na cúrsaí do thosaitheoirí agus bhí siad deartha ag an teagascóir oilte Glenda Powell le cúnamh ó Mark Corps ón bPríomh-Bhord Iascaigh agus Betty Hayes thar ceann Slaney Rivers Trust. D’eagraigh an Bord an imeacht agus bhí sé páirtmhaoinithe agus Slaney Rivers Trust. Ghlac 60 bean idir 20 agus 60 bliain d’aois páirt sna cúrsaí. D’éirigh that cionn leis na himeachtaí agus bhí an t-éileamh chomh mór sin gur iarr na hiarratasóirí cúrsaí breise. Ní raibh aon táille i gceist ach iarradh ar na rannpháirtithe síntiús a thabhairt do Action Breast Cancer. Rinneadh an-chur síos ar na cúrsaí sna meáin agus bailíodh €2,765 do Action Breast Cancer.

# CLÁIR FEASACHTA OIDEACHAIS AGUS IASCAIGH
## Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath

D'éirigh go breá le Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (TSBÁC) arís i mbliana agus ghlac os cionn 480 déagóir páirt sna cúrsaí slatiascaireachta. Cuireadh tús leis na cúrsaí i mí an Mheithimh agus chaith gach déagóir lá ag iascaireacht cois trá, lá ag garbhiascaireacht ar an gcanáil le cois cuairt a thabhairt ar "Put and Take" chun lá a chaitheamh ag iascach breac dea-dhathach. In ainneoin gur thit a lán báistí i gcaitheamh an tsamhraidh, d'éirigh go breá leis an iascaireacht, fuarthas iasc gach lá agus is ar na canálacha is mó a bhí rath. Bhronn Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir teastas gnóthachtála ar gach rannpháirtí ag deireadh na gcúrsaí.

Leanadh ag cuidiú le hógeagraíochtaí a bhfuil clubanna slatiascaireachta bunaithe acu le blianta beaga anuas. I measc na gclubanna tá club iascaireachta Mhullach Eadrad, Comhghuaillíocht Chomhshaoil na Tulchann (ina bhfuil trí chlub iascaireachta – An Chorr Dhubh, Baile Bhlainséir agus Mullach Eadrad) agus Club Cuilcheangail an Teampaill Ghil. D'éirigh le beirt bhall de chlub an Teampaill Ghil áit a bhaint amach ar fhoireann Cuilcheangail Laighean, agus d'éirigh leo an dara háit a bhaint amach i gCraobhchomórtas Cuilcheangail Éireann Chóndaidhm Slatiascaireachta Breac na hÉireann. Éacht suntasach é seo don bheirt déagóirí seo atá 15 bliana déag d'aois agus do chlub Cuilcheangail an Teampaill Ghil a bhraitheann go mór ar thacaíocht dheonach.

Ní bheadh ann don tionscadal seo ar chor ar bith gan flaithiúlacht na slatiascairí agus na gclubanna slatiascaireachta araon. Thacaigh na trí chlub seo a leanas le tionscadal TSBÁC i mbliana – Club Slatiascairí na Dothra, Slatiascairí Breac Bhaile Átha Cliath agus Club Flaidireachta an Bhriotáis. Úsáideadh an tacaíocht airgid seo le híoc as turais iascaireachta, as busanna agus chun trealamh nua a cheannach. Roinn slatiascairí eile fós a gcuid ama go fial linn, is minic gur thóg siad am saor ón obair agus gur chabhraigh siad linn – bhí siad thar a bheith foighneach i gcónaí. Tá ardmheas ag Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath ar an obair a dhéanann na hoibrithe deonacha agus na rannpháirithe go léir le cur leis an tionscadal fiúntach seo.

## Cláir Feasachta Oideachais agus Iascaigh – 'Something Fishy'

Dhírigh an Bord ar an gclár oideachais 'Something Fishy' i rang 5 agus 6 sna bunscoileanna. Bhí 40 scoil páirteach sa tionscadal seo – scoileanna ó cheann ceann na tíre. San áireamh sa tionscadal bhí cur i láthair, cuairt ar scoileanna, gilidíní bric a scaoileadh isteach sna haibhneacha áitiúla agus turais scoile. Chinntigh an clár seo go bhfuair thart ar 1200 leanbh deis léargas a fháil ar na hiascaigh. San áireamh sna turais scoile bhí siúlóidí dúlra cois na habhann, siúlóidí a bhí dírithe ar an ngaol idir an abhainn agus an comhshaol. Tógadh samplaí speach agus rinneadh leictriascaireacht agus fuair na leanaí deis na héisc a chomhaireamh, na speicis éagsúla a aithint agus na n-aicmí aoise éagsúla a scrúdú.

Ansin tugadh deis do na scoileanna rannpháirteacha tionscadail a chríochnú mar chuid de chomórtas náisiúnta i dteannta scoileanna as na réigiúin éagsúla ar fad, comórtas a bhí á chomhordú ag Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir agus Ionad Oideachais na Carraige Duibhe. Bhí na tionscadail a cuireadh i gcrích ar ardchaighdeán agus bhí meascán tionscadal i gceist idir obair ealaíne, láithreán gréasáin a bhunú agus DVD a dhéanamh. Ba é an scoil bhuacach a roghnaigh Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir Scoil Naomh Iosaef i dTír an Iúir i mBaile Átha Cliath. Bhí an tionscadal seo dírithe ar DVD a dhéanamh, cur i láthair Powerpoint agus láithreán gréasáin ina raibh teicneolaíocht cheannródaíoch chun a dtaithí phearsanta ar na hiascaigh agus ar an gcomhshaol a chur in iúl. Lena chois sin, roghnaíodh an scoil seo agus Scoil Naomh Iosaef i réigiún an Iarthuaiscirt mar chomhbhuaiteoirí sa chomórtas náisiúnta.

# An Séasúr Slatiascaireachta

Bhí aimsir bhreá thirim againn i rith an tséasúir slatiascaireachta i mí na Bealtaine agus ansin bhí an samhradh thar a bheith fliuch. Tuairiscíodh gur éirigh go maith le slatiascaireacht breac rua ar fud an Réigiúin. Tógadh 2.6kg breac rua as Abhainn Eachroma. Tuairiscíodh go raibh séasúr an-mhaith do gharbhiascaireacht agus d'iascaireacht gailliasc i lochanna an Chabháin agus Mhuineacháin; rugadh ar ghailliasc 22 punt i loch Lios na Seannach.

Rugadh ar go leor iasc eiseamail sa Réigiún i gcaitheamh na bliana freisin. Aithníodh 80% den bhran agus den chúramán a taifeadadh i liosta iasc eiseamail na hÉireann agus rugadh orthu ar fad ar Loch Bhéal Átha Hó agus Loch Raithin i gCo. Mhuineacháin. Rugadh ar charbán eiseamail 6.37 kg ar an gCanáil Mhór ag Portobello.

Bhí iascaireacht farraige an-mhaith freisin agus rugadh ar go leor gobóg i gCuan Dhún Dealgan agus bhí an iascaireacht thar cionn ar chósta Loch Garman. Bhí neart bas le fáil idir Binn Éadair agus Cé na Cille Móire agus rugadh ar a lán eiseamal gobach agus lannach glas i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Bhí Féile na mBád Beag ar siúl i Ros Láir don 22 bliain as a chéile i mí Mheán Fómhair agus ghlac breis is 90 slatiascaire as ar fud na Ríochta Aontaithe páirt san fhéile. Bhí an aimsir thar cionn agus bhí sé seo ar cheann de na comórtais is fearr ar éirigh leis le blianta beaga anuas. Taifeadadh 41 speiceas difriúil thar cheithre lá an imeachta seo. Chomh maith le trosc, mangach, fíogach, madra mór etc., taifeadadh roinnt speiceas neamhghnách lena n-áirítear iasc truicir agus garbhánach órcheannach. Chomh maith leis sin taifeadadh 3 iasc a d'fhéadfaí a áireamh mar eiseamail lena n-áirítear Scoirneach 4.82kgs, Ballach Breac 2.52kgs agus Ballach Muire 0.76kgs. Ba é an bád 'Nirvana' a thug an lá leis le 29 speiceas agus meáchan iomlán 29.76kgs. Tháinig 'Uptide Girl' sa dara háit le meáchan 25.3kgs agus tháinig 'Sonic Blue' sa tríú háit le 26 speiceas.

## LÍONRÚ / BAINISTÍOCHT ABHANTRAÍ

### Bainistíocht Abhantrach Abhóca

Abhainn bhradán den scoth ba ea Abhainn Abhóca tráth mar is léir ach súil a chaitheamh ar na taifid a bhaineann leis an ré sular cuireadh tús le gníomhaíocht mhianadóireachta. Sa lá inniu ann, tá beagnach 12km den abhainn truaillithe go dona ag na mianaigh chopair. Is beag iasc atá fágtha sa chóras seo anois agus tá an ruaimiú oráiste ar ghrinneall na habhann ríshoiléir. Sa bhliain 2001, chuir an Bord tús le próiseas a raibh sé mar aidhm leis a aimsiú an raibh sé indéanta an abhainn seo a athchruthú mar phríomhabhann bradán. I ndiaidh staidéir deisce a dhéanamh in 2002 coimisiúnaíodh ionad cóireála píolótach gníomhach in 2006, arna mhaoiniú trí chlár Interreg AE Éire / An Bhreatain Bheag. Ba é a bhí mar aidhm leis seo a aimsiú an mbeadh sé indéanta draenáil aigéadach mhianaigh a chóireáil ó na mianaigh a bhí ann tráth isteach san abhainn ar scála beag agus cad iad na paraiméadair a bhainfeadh le hionad cóireála gníomhach iomlán d'abhainn Abhóca.

Ba é an tAire Comhshaoil, an tUasal Dick Roche TD a sheol an tuarascáil seo dar teideal 'Celtic Copper Heritage Project, Avoca Mines Pilot Plant Treatment Trials' i mí na Bealtaine 2007. Ba léir ó thorthaí na tuarascála seo gur éirigh go breá le trialacha píolótacha an ionaid chóireála léargas a thabhairt ar an bpointe go soláthródh ionad cóireála gníomhach réiteach ar an bhfadhb seo. In Abhainn Abhóca, d'fhéadfaí imeacht le sruth comhchruinnithe iomlána ó na mianaigh a laghdú 66 go 72% Is é a bheadh mar thoradh ar an laghdú feabhas suntasach i gcáilíocht uisce na habhann agus thug na trialacha a rinneadh le fios go gcuirfidh cóireáil ghníomhach ar chumas Abhainn Abhóca caighdeán iascaigh bradán a bhaint amach do gach miotal seachas sinc.

Meastar gurb é an costas caipitiúil a bhainfeadh le hionad cóireála lánscála a thógáil €3.6m (gan CBL) le costas oibriúcháin bliantúil €0.5m (gan CBL). As an gcostas oibriúcháin bliantúil, teastaíonn €300,000 do dhiúscairt sloda. Lean an Bord ar aghaidh le sonraí a bhailiú faoin abhainn, críochnaíodh an logálaí sonraí i mBaile Uí Mhuircheartaigh agus bhí sé ag feidhmiú i gceart. Shocraigh Comhairle Chontae Chill Mhantáin tomhsaire bachaille sa phríomhchainéal abhann le suíomh beacht a aimsiú don tomhsaire bachaille sa phríomhchainéal abhann. Leanadh le tionscadal Oidhreacht Copar Ceilteach i gcaitheamh na bliana (luach iomlán €296,000), tionscadal a bhí dírithe ar shiúlbhealaí agus ar thionscnaimh oideachais a fhorbairt mar aon le láithreán gréasáin a fhorbairt. Ó tharla gurb é an Bord príomhpháirtí an tionscadail seo is ar an mBord a bhí an phríomhfhreagracht maidir le cur i bhfeidhm an tionscadail seo. Eagraíodh ceardlann i gcomhpháirt lena gcomhpháirtithe tionscadail sa Bhreatain Bheag.

In 2006, leithdháileadh €500,000 chun staidéar comhtháite coincheapúil a dhéanamh in Abhóca, staidéar arna bhainistiú ag Suirbhé Geolaíochta na hÉireann. Ceapadh na comhairleoirí Camp Dresser McKee (CDM) chun an staidéar féidearthachta seo a dhéanamh agus meastar go mbeidh an staidéar seo críochnaithe in 2008.

Tá tuairiscí maidir le hAbhainn Abhóca le fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird ag
www.fishingireland.net/environment/avoca.htm

# CAOMHNÚ AGUS RIALÚ BRADÁN

## Réamhrá

Bliain dhúshlánach ba ea 2007 ó thaobh na mbradán de. Cuireadh cosc ar shlatiascaireacht bradán mar chaitheamh aimsire ar na hiascaigh thráchtála bradán ar fad agus formhór na n-aibhneacha sa Réigiún. Ní raibh iascaireacht bradán ceadaithe ar an Life, ar an tSláine ná ar an mBóinn mar nár shroich na haibhneacha sin an teorainn chaomhnaithe riachtanach chun daonra bradán a chothú. Ba é an t-aon abhainn a bhí oscailte d'iascaireacht bradán agus breac geal sa Réigiún Abhainn Átha Féan, agus ba é an cuóta a bhí luaite leis an abhainn seo 223 iasc. Gabhadh 48 iasc ar fad don bhliain. Cuireadh tús le rialacháin nua maidir le modhanna iascaireachta, gabháil agus scaoileadh.
Tá gá leis na bearta caomhnaithe seo chun a chinntiú go mairfidh bradáin sna haibhneacha, de réir comhairle eolaíochta. Níl aon dabht ach go raibh impleachtaí móra eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha ag an gcosc seo ar an lucht leasa ar fad agus ba mhaith leis an mBord buíochas a ghlacadh leis na grúpaí leasa ar fad as a n-iarrachtaí cloí leis na bearta caomhnaithe.

## Scéim Cruatain Bradán

I Réigiún an Oirthir, dúnadh na hiascaigh thráchtála bradán ar fad. Ba é an Rialtas a chuir tús leis an scéim cruatain bradán agus é mar aidhm cúiteamh a íoc le hiascairí tráchtála as caillteanas tuillimh ón tionscadal bradán. Ba é an spriocdháta le suim a léiriú sa scéim an 31 Nollaig 2007. Nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh, bhí 122 iascaire tar éis suim a léiriú sa scéim cruatain as 191 sealbhóir ceadúnais sa Réigiún. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 64% d'iascairí ag baint leasa as an scéim. Is i gceantar Bhaile Átha Cliath atá an líon is mó iascairí ag baint leasa as an scéim, áit ar bhain 96% leas as an scéim. I gceantar Dhroichead Átha bhain 76% leas an scéim. I nDún Dealgan bhain 72% leas an scéim, agus ba i gCo. Loch Garman a léiríodh an méid is lú suime sa scéim, áit ar bhain 40% leas as an scéim. (féach tábla 1)

Thug an Príomh-Bhord Iascaigh faoi chlár leathan de shuirbhéireacht eolaíochta ar mhaithe le leibhéal na dTeorainneacha Caomhnaithe in aibhneacha bradán áirithe a chinneadh. I gcomhar le foireann Bhord Iascaigh Réigiún an Oirthir, bailíodh sonraí ó áiritheoirí agus gabhálacha slaite, cuntais ar chlaiseanna bradán, innéacs bradán óg agus baineadh úsáid as teicneolaíocht clibeála PIT chun meastachán a fháil maidir le sceitheanna iomlána bradán ag suíomhanna ina bhfuil líon áirithe bradán. Rinneadh iarracht an clár clibeála PIT a chur i bhfeidhm ar an tSláine ach is ar éigean gur éirigh leis de dheasca deacrachtaí teicniúla.

Fadhb leanúnach é creachóireacht bradán agus sheol an Bord iarratas chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus é mar aidhm an líon broigheall ina príomhaibhneacha a laghdú, ach is cosúil gurb é freagairt na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra eagla a chur ar na broighill seachas iad a mharú.

## Ionchúisimh

In 2007 rinneadh iarracht ár n-uiscebhealaí intíre a phatrólú, agus is é a bhí mar thoradh air seo agus ardleibhéal uisce d'fhormhór na bliana gur fíorbheagán a sháraigh na dlíthe caomhnaithe bradán. Caitheadh 1,723 daonuaireanta ar phatróil farraige agus ar phatróil ar bháid intíre. Gabhadh 845 slat eangaí agus tionscnaíodh 8 n-ionchúiseamh. Eisíodh 63 fíneáil ar an láthair.

## Tábla 1 – Iarratais ar an Scéim Cruatain Bradán:

| | An Líon Iarratasóirí | Iarratasóirí fágtha | An líon iomlán sealbhóirí ceadúnais |
|---|---|---|---|
| Dún Dealgan | 29 | 11 | 40 |
| Droichead Átha | 38 | 12 | 50 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 25 | | 1 | | 26 |
| Loch Garman | 30 | | 45 | | 75 |
| Iomlán | 122 | 69 | | 191 | |

Stampa Caomhnaithe
I mí na Nollag 2006 tháinig Ordachán ón Aire ag treorú an Bhoird clár athchóirithe stoc bradán a chur i bhfeidhm agus tús áite a thabhairt d'aibhneacha a bhí faoi bhun a dteorainneacha caomhnaithe i limistéir chaomhantais speisialta a bhfuil seans maith ann go n-éireoidh leis an bpróiseas athchóirithe iontu.

Maoiníodh an clár seo ó airgead a bailíodh ó scéim stampa caomhnaithe bradán na dtáillí ceadúnais bradán. In 2007, méadaíodh táille ceadúnais na mbradán faoi dhó le haghaidh gach aicme ceadúnas ar mhaithe le cistí a sholáthar don chlár caomhnaithe. Díoladh 748 ceadúnas sa réigiún i rith na bliana, líon a bhí cothrom le níos lú ná trian den líon ceadúnas a díoladh sna blianta roimhe sin. Fuarthas 78% de logleabhair shlatiascaireachta do 2007 ar ais.
Bhailigh Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir cistí cothrom le €33,190 agus seoladh iad seo ar aghaidh chuig an bPríomh-Bhord Iascaigh. I ndiaidh aighneachtaí tionscadail a sheoladh chuig an bPríomh-Bhord Iascaigh, fuarthas €47,000 ó chiste lárnach an stampa chaomhnaithe.

Mhaoinigh an stampa caomhnaithe na hoibreacha seo a leanas;

**An Mhaiteog, Co. na Mí**
Caitheadh sa bhreis ar €20,000 ar oibreacha athshlánúcháin ar an Maiteog – craobh-abhainn d'abhantrach na Bóinne. Rinneadh obair chobhsaithe bruach lena n-áirítear coraí agus linnte a chruthú agus claiseanna sceathraí a fheabhsú. In 2007, ceadaíodh €20,000 agus caitheadh €20,000. (féach ar leathanaigh 10 & 11)

**An Urrainn, Loch Garman**
Caitheadh €2,000 ar chosán feabhsaithe iasc. Caithfear tuilleadh cistí in 2008. In 2007, ceadaíodh €2,500 agus caitheadh €2,000.

**An Bhanna, Loch Garman**
Ceadaíodh €1,000 ach ní fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh in 2007 de bhrí go bhfuilimid ag fanacht ar chead a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na hoibreacha a dhéanamh. Ceannaíodh ábhair don tionscadal.

**Dún Dealgan, Co. Lú**
De dheasca na drochaimsire bhí sé beagnach dodhéanta ábhar a iompar chomh fada le suíomhanna éagsúla. Rinneadh oibreacha ar an gCorr Mhaí (craobh-abhainn an Chasáin), príomhchainéal abhann an Chasáin, an Níth agus Abhainn Átha Féan. Tá sé beartaithe na hoibreacha seo a thabhairt chun críche in 2008. In 2007, ceadaíodh €11,447 agus caitheadh €9,000.

**Abhainn Abhóca, Co. Chill Mhantáin**
